Post oscailte

# Cúntóir Miondíola

Oifigeach Cléireachais, Post Buan Páirtaimseartha

—

Láithreáin i mBaile Átha Cliath: Dún Uí Choileáin, Sráid Chill Dara, Sráid Mhuirfean nuair a Athosclófar é

**Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais**

Dé hAoine, an 30 Eanáir 2026

...

**Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha don phost seo a leanas: Cúntóir Miondíola (Leibhéal Oifigigh Cléireachais) i láithreáin de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann i mBaile Átha Cliath: Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7; Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 agus Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 (nuair a athosclófar é). Is post Buan Páirtaimseartha é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

**Cur Síos Gairid ar an bPost**

Cuirfidh an té a cheapfar sa phost seo seirbhís den scoth miondíola agus custaiméara ar fáil i siopaí an Mhúsaeim, cuirfidh sé/sí le heispéireas an chustaiméara agus cuirfidh sé/sí Ard-Mhúsaem na hÉireann i láthair ar bhealach dearfach i gcónaí, agus láimhdeachas á mhéadú ag an am céanna.

**TREORACHA AN IARRATAIS**

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin NMI chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.

- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

**Spriocdháta le haghaidh Iarratas**

## Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00 Dé hAoine, an 30 Eanáir 2026

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**